Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**11146/23**

**ECOFIN 671**
**UEM 205**
**SOC 497**
**EMPL 348**
**COMPET 692**
**ENV 771**
**EDUC 284**
**RECH 316**
**ENER 407**
**JAI 917**
**GENDER 148**
**ANTIDISCRIM 142**
**JEUN 186**
**SAN 423**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9841/1/23 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 616 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta Lucsamburg um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta Lucsamburg 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, mar a pléadh sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach é, bunaithe ar Mholadh COM (2023) 616 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta Lucsamburg um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta Lucsamburg 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú agus go háirithe Airteagal 5(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

---

[1] IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an an tSaoráid, soláthraítear tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus í mar spreagadh fioscach arna mhaoiniú ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, leis an tSaoráid, rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe agus a spreagann fás, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh inar shainaithin sé Lucsamburg inti ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach Lucsamburg 2023. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] ('Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro') an 16 Bealtaine 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 13 Márta 2023.

(3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha araon, agus sa mheántéarma ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, ar thacaíocht a thabhairt d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach, ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus ar an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.

4 Moladh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 180, 23.5.2023, lch. 1).

(4) An 1 Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais le haghaidh Ré na Glan-nialasachta' ('Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais'). Is é is aidhm do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach chun borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus chun tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é ar na hiarrachtaí leanúnacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm dó freisin timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhar a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain níos tapúla ar mhaoiniú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha. An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht eile dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisíonn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Socraítear leis tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, bearta infheistíochta dea-dhírithe agus rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

(5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós bunriachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar mór díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin freisin ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

---

[5] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(7) An 8 Márta 2023, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach 2024 (‘teachtaireacht an 8 Márta 2023’). Is é is aidhm di tacú le hullmhú chláir na mBallstáit um chobhsaíocht agus um chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D’éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d’áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma agus a mhéadódh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe agus iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gclár um chobhsaíocht agus um chóineasú 2023 conas a áiritheoidh a bpleananna fioscacha go n-urramófar luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus go n-áiritheofar laghdú inchreidte leanúnach an fhiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántéarma. D’iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freisin deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta arna dtabhairt isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh. Thug sé le fios, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh phraghas an fhuinnimh de, gur cheart do na Ballstáit na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar bhealach níos fearr. Luaigh an Coimisiún go ndéanfaí na moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil. Thairis sin, mar a mholtar sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, go ndéanfaí na moltaí fioscacha sin a fhoirmliú ar bhonn an ghlanchaiteachais phríomhúil. Mhol sé do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na hinfheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

(8) An 26 Aibreán 2023, thíolaic an Coimisiún tograí reachtacha chun athchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíochtaí. Sna tograí uaidh, díríonn an Coimisiún ar an úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ar an gcreat a shimpliú agus gluaiseacht i dtreo fócas níos meántéarmaí, in éineacht le forfheidhmiú éifeachtach agus níos comhleanúnaí. De réir na gConclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, is é an cuspóir atá ann an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.

(9) An 21 Aibreán 2021, chuir Lucsamburg a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg[6]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh á rá go bhfuil Lucsamburg tar éis na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chomhlíonadh go sásúil. Tuigtear gurb é atá i gceist le comhlíonadh sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

[6] ST 10155/21 INIT; ST 10155/21 ADD 1.

(10) An 28 Aibreán 2023, thíolaic Lucsamburg a Clár Náisiúnta 2023 um Athchóiriú Náisiúnta agus, an 27 Aibreán 2023, a Clár Cobhsaíochta 2023, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Chun na naisc atá eatarthu a chur san áireamh, rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 ar thuairisciú leathbhliantúil Lucsamburg maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a phlean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(11) An 24 Bealtaine 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 do Lucsamburg. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn Lucsamburg ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann maidir leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Leis an tuarascáil, rinneadh measúnú freisin ar dhul chun cinn Lucsamburg ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(12) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir le Lucsamburg agus d'fhoilsigh sé a thorthaí an 24 Bealtaine 2023. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha os comhair Lucsamburg. Go háirithe, tá méadú tagtha le déanaí ar leochaileachtaí a bhaineann le praghsanna arda tithe agus fiachas ard teaghlaigh ach ar an iomlán is cosúil go bhfuil siad faoi smacht go dtí seo agus táthar ag súil go n-éascófar iad sa mheántéarma. Tá méadú tagtha ar an éileamh ar thithíocht mar gheall ar fhás láidir daonra mar aon le creidmheas morgáiste méadaithe, arna spreagadh ag tacaíocht fhioscach, agus tá an soláthar srianta ag an talamh teoranta atá ar fáil le haghaidh tógála agus ag taisceadh talún. Mar thoradh ar an mbearna mhéadaitheach idir an t-éileamh tithíochta agus an soláthar tithíochta, tá méadú mór tagtha ar phraghas na dtithe agus tá rioscaí méadaitheacha ann go mbeadh róluacháil praghsanna tithe ann agus go rachadh an inacmhainneacht in olcas. Is léir gur laghdaíodh praghsanna tithe go déanach in 2022, agus tháinig laghdú mór ar líon na n-idirbheart tithíochta, toisc gur tháinig athrú ar an margadh de bharr an mhéadaithe ar rátaí úis. Mar sin féin, níltear ag súil le ceartú géar ar phraghsanna tithe toisc go bhfuil ioncaim ag coinneáil suas go maith agus táthar ag súil go leanfar den ghanntanas soláthair. Tá fiachas teaghlaigh an-ard ó thaobh ioncaim indiúscartha de agus tá méadú ag teacht ar an méid airgid a fhaightear ar iasacht agus, ag an am céanna, tháinig laghdú ar an iasacht beagán go déanach in 2022. Tá sócmhainní airgeadais teaghlach suntasach freisin, méaduithe ar fhiachas i dtreo na leibhéal níos airde ioncaim agus rachmais, agus tá an earnáil baincéireachta fónta, rud a mhaolaíonn rioscaí macra-airgeadais ar an iomlán. Le hiarrachtaí breise beartais, mar shampla trí dhlús a chur le glacadh agus cur chun feidhme na mbeart a rinneadh le déanaí agus trí thosaíocht a thabhairt dóibh, lena n-áirítear cánacha athfhillteacha chun soláthar talún intógála a mhéadú, mar aon leis an athchóiriú leanúnach ar phleanáil úsáide talún, d'fhéadfaí an méid sin cuidiú le borradh a chur faoin soláthar tithíochta, go háirithe trí thithíocht shóisialta inacmhainne a sholáthar atá dírithe orthu siúd is mó atá i ngátar. D'fhéadfaí éifeachtúlacht an mhargaidh cíosa a fheabhsú freisin. Ina theannta sin, dá laghdófaí in-asbhainteacht úis morgáiste, a méadaíodh go suntasach le déanaí, laghdófaí na dreasachtaí fioscacha chun iasachtaí a fháil a thacaíonn le praghsanna arda tithe.

(13) De réir sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig laghdú ar bharrachas ginearálta rialtas Lucsamburg ó 0,7 % de OTI in 2021 go 0,2 % in 2022, agus méadaíodh fiachas ginearálta an rialtais beagán ó 24,5 % de OTI ag deireadh 2021 go 24,6 % ag deireadh 2022.

(14) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, is bearta iad a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. In 2022, áiríodh  sna bearta beartais fhioscaigh sin lena laghdaítear ioncam laghdú 7,5 ct in aghaidh an lítir ar chánacha ar tháirgí chun praghsanna tomhaltóirí do pheitreal, díosal agus ola téimh a laghdú 7,5 ct in aghaidh an lítir, agus áiríodh leis na bearta beartais fhioscaigh sin lena méadaítear caiteachas creidmheas cánach fuinnimh[7] a thabhairt isteach, cabhair do chuideachtaí a ndéanann ardú praghsanna fuinnimh difear dóibh agus teorainn a chur le méaduithe ar phraghsanna gáis. Measann an Coimisiún gurb é an glanchostas buiséadach a bhain leis na bearta sin in 2022 0,5 % de OTI. Ina theannta sin, an costas buiséadach a bhain le cosaint shealadach a thairiscint do dhaoine easáitithe as an Úcráin, costas a meastar a bheith ina 0,1 % de OTI in 2022, sin rud eile a d’imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. An tráth céanna, an costas a mheastar a bhaineann le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, chuaigh an costas sin i laghad ionas gur 0,2 % de OTI a bhí ann in 2022, le hais 1,0 % in 2021.

(15) An 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle do Lucsamburg[8] staid fhioscach thacúil a shaothrú in 2022, lena n-áirítear ón spreagadh a cuireadh ar fáil leis an tSaoráid agus go gcaomhnódh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta.

---

[7] Is féidir le creidmheasanna cánach iníoctha an dliteanas cánach a shárú agus tionchar a imirt ar dhaoine nach cáiníocóirí iad chomh maith le cáiníocóirí; dá bhrí sin, aicmítear iad mar chaiteachas sna cuntais náisiúnta (CEC 2010, Airteagail 20.167 agus 20.168).

[8] Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta Lucsamburg 2021 (IO C 304, 29.7.2021, lch. 73).

(16) De réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí staid fhioscach[9] thacúil ann in 2022, ag -0,9 % de OTI, mar a mhol an Chomhairle. Mar a mhol an Chomhairle, lean Lucsamburg de thacaíocht a thabhairt don téarnamh trí infheistíochtaí arna maoiniú tríd an tSaoráid. 0,1 % de OTI a bhí ann in 2022 le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais (0,1 % de OTI a bhí ann in 2021). Chuir infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta rannchuidiú neodrach leis an staid fhioscach ar fáil[10]. Dá bhrí sin, chaomhnaigh Lucsamburg infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, mar a mhol an Chomhairle. San am céanna, sholáthair an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) ranníocaíocht fhorleathnaitheach dar méid 1,3 pointe céatadáin don seasamh fioscach foriomlán. Sa rannchuidiú forleathnaitheach mór sin, bhí tionchar breise na mbeart a rinneadh chun tionchar eacnamaíoch agus tionchar sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh (glanchostas fioscach díreach breise de 0,5 % de OTI) a mhaolú, mar aon leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0,1 % de OTI). San am céanna, rannchuidigh fóirdheontais, caiteachas reatha eile agus tomhaltas idirmheánach (0,3 % de OTI) freisin leis an bhfás ar ghlanchaiteachas príomha reatha. Dá bhrí sin, níor choinneáil Lucsamburg an fás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta faoi smacht leordhóthanach. Ní raibh ach cuid de na bearta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh mar thoradh ar rannchuidiú suntasach forleathnaitheach an chaiteachais reatha arna mhaoiniú go náisiúnta, chomh maith leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin.

---

9 Is é rud a bhíonn i gceist le tomhas na staide fioscaí an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim), gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh, ach lena n-áirítear caiteachas a mhaoinítear trí thacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas le hacmhainneacht fáis mheántéarmaigh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Bosca 1 sna Táblaí Staidrimh Fhioscaigh.

10 Sholáthair caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta ranníocaíocht chrapthach de 0,4 pointe céatadáin de OTI, mar gheall ar laghdú ar ‘aistrithe caipitil eile’ a bhaineann go príomha le tacaíocht ghnó agus cúnamh téarnaimh a chéimniú amach i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 (Ciste Téarnaimh agus Dlúthpháirtíochta do ghnólachtaí).

(17) An cás maicreacnamaíoch atá ina bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár Cobhsaíochta 2023, is cás é atá níos fabhraí ná Réamhaisnéis an Earraigh 2023 ón gCoimisiún le haghaidh 2023 agus ina dhiaidh sin. Tá sé tuartha ag an rialtas go dtiocfaidh méadú 2,4 % ar an bhfíor-OTI in 2023, agus go dtiocfaidh méadú 3,8 % air in 2024. I gcomparáid leis sin, tuartar le réamhaisnéis earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh fíorfhás OTI níos ísle de 1,6 % in 2023 agus 2,4 % in 2024, go príomha mar gheall ar rannchuidithe fáis níos ísle ó ghlanonnmhairí in 2023 agus éileamh intíre in 2024[11].

(18) I gClár Cobhsaíochta 2023, tá coinne ag an rialtas go dtiocfaidh meath ar chomhardú ginearálta an rialtais go heasnamh de 1,5 % de OTI in 2023. Léiríonn an meath in 2023 den chuid is mó bearta breise chun tacú le hioncaim teaghlaigh agus chorparáideacha tar éis praghsanna arda fuinnimh agus boilscithe. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, síltear go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI ionas gur 24,6 % a bheidh ann ag deireadh 2022, agus gur 26,1 % a bheidh ann ag deireadh 2023. Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais de 1,7 % de OTI ann do 2023. Tá sé sin beagán níos airde ná an t-easnamh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2023, go príomha mar gheall ar ioncam cánach beagán níos ísle, de réir réamhaisnéis earraigh 2023 ón gCoimisiún. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas ollfhiachas rialtais–OTI beagán níos ísle, 25,9 % ag deireadh 2023. Is é is cúis leis an difríocht sin fás ainmniúil OTI níos airde in 2023, de réir réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún.

11 I gcás OTI ainmniúil, tá an cás beagán éagsúil; tuartar i gClár Cobhsaíochta 2023 rátaí fáis ainmniúla OTI de 4,7 % in 2023 agus 6,0 % in 2024, agus tuartar i réamhaisnéis earraigh 2023 ón gCoimisiún ráta níos airde 7,1 % in 2023, agus ráta inchomparáide 5,9 % in 2024.

(19) Na bearta a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go leanfaidh siad de thionchar a imirt ar chomhardú ginearálta an rialtais in 2023. Is éard atá iontu bearta ar cuireadh síneadh leo ó 2022 (go háirithe, lena dteorannaítear méaduithe ar phraghsanna gáis trí fhóirdheonú a dhéanamh ar chostais fuinnimh teaghlaigh agus muirir ghréasáin, praghsanna leictreachais a chobhsú trí fhóirdheontais do theaghlaigh, agus bearta chun tacú le gnólachtaí) agus bearta nua. Tuartar glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta i réamhaisnéis earraigh 2023 ón gCoimisiún ag 1,1 % de OTI in 2023[12]. Tá roinnt de na bearta in 2023 dírithe ar na teaghlaigh ná ar na gnólachtaí is leochailí, agus ní chaomhnaíonn formhór acu an comhartha praghais chun an t-éileamh fuinnimh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar thoradh air sin, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún meastar gurb é 0,6 % de OTI in 2023 méid na mbeart tacaíochta spriocdhírithe atá le cur san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh an mholta ón gComhairle an 12 Iúil 2022[13] (i gcomparáid le 0,4 % de OTI in 2022).

(20) Sa Mholadh uaithi an 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ndéanfadh Lucsamburg gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh fás an chaiteachais reatha phríomha arna mhaoiniú go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais in 2023[14], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach is leochailí agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine ar a dteitheadh ón Úcráin. Ba cheart do Lucsamburg a bheith ar tinneall chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh do Lucsamburg freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais.

---

12 Is ionann an figiúr sin agus leibhéal chostas bhuiséadacha bhliantúla na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le – i gcás inarb ábhartha – bearta caiteachais chaipitil.

13 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta Lucsamburg um Athchóiriú agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta Lucsamburg 2022, (IO C 334, 1.9.2022, lch. 128).

14 Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar gur 7,8 %, i dtéarmaí ainmniúla, atá i gceist le fás aschuir féideartha meántéarmach Lucsamburg (meán 10 mbliana), céatadán a úsáidtear chun an staid fhioscach a thomhas.

(21) In 2023, réamh-mheastar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún gur staid fhioscach fhorleathnaitheach a bheidh ann (-1,5 % de OTI), i gcomhthéacs boilscithe aird. Tagann sé sin i ndiaidh staid fhioscach fhorleathnaitheach a bheith ann in 2022 (-0,9 % de OTI). Maidir leis an bhfás ar an gcaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta discréideacha ioncaim) in 2023, meastar go soláthrófar rannchuidiú forleathnaitheach de 1,3 pointe céatadáin leis an staid fhioscach leis an bhfás sin. Áirítear leis sin costas méadaithe na mbeart tacaíochta spriocdhírithe do theaghlaigh agus do ghnólachtaí is leochailí ó thaobh ardú praghsanna fuinnimh de 0,3 % de OTI. Dá bhrí sin, níl an rannchuidiú forleathnaitheach caiteachais reatha príomha a mhaoinítear go náisiúnta mar thoradh ach i bpáirt i ngeall ar an tacaíocht spriocdhírithe do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh. Tá an fás forleathnaitheach ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) á spreagadh freisin, i measc tosca eile, sochair shóisialta seachas comhchineáil, ag fóirdheontais a bhaineann le bearta fuinnimh neamh-spriocdhírithe, méaduithe buana ar phá na hearnála poiblí, ranníocaíocht aonuaire le buiséad an Aontais, agus an laghdú ar rátaí CBL. Mar achoimre, an fás a thuartar a thiocfaidh ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta, níl sé i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Meastar gur 0,2 % de OTI a bheidh i gceist leis an gcaiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais in 2023, agus meastar go soláthróidh infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta rannchuidiú forleathnaitheach 0,1 pointe céatadáin leis an staid fhioscach. Tá sé beartaithe ag Lucsamburg infheistíocht bhreise a mhaoiniú tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais, agus táthar ag tuar go ndéanfaidh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú[15]. Tá sé beartaithe aige infheistíocht phoiblí a mhaoiniú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, mar shampla, leictriú an iompair phoiblí, atreisiú an ghréasáin tramanna agus iarnróid, ciste aeráide agus fuinnimh chun tacú le painéil fhótavoltacha a fháil, seirbhísí poiblí agus slándáil na cumarsáide digití a dhigitiú (teicneolaíocht chainníochtúil), a mhaoinítear i bpáirt leis an tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

15 Réamh-mheastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile atá maoinithe go náisiúnta ranníocaíocht neodrach do OTI.

(22) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go méadóidh easnamh ginearálta an rialtais go 1,7 % de OTI in 2024. Is léiriú é an méadú in 2024 den chuid is mó ar leathnú na mbeart tacaíochta chun teaghlaigh agus ioncaim chorparáideacha a mhaolú i gcoinne éifeachtaí an bhorrtha bhoilscithe. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh méadú go 27,5 % ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ag deireadh 2024. Ar bhonn na mbeart beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún easnamh rialtais 1,5 % de OTI in 2024. Tá sé sin beagán níos ísle ná an t-easnamh atá tuartha i gClár Cobhsaíochta 2023, go príomha mar gheall ar mhéadú níos ísle ar luach saothair na bhfostaithe agus ar aistrithe sóisialta, de réir réamhaisnéis earraigh 2023 ón gCoimisiún. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas ollfhiachas rialtais–OTI níos ísle, 27,0 % ag deireadh 2024.

(23) Beartaítear le Clár Cobhsaíochta 2023 síneadh a chur leis na bearta tacaíochta fuinnimh go dtí deireadh 2024. Faoi láthair, glacann an Coimisiún le glanchostas na mbeart tacaíochta fuinnimh ag 0,5 % de OTI in 2024[16], i gcomparáid le 1,1 % de OTI in 2023. Tá na meastacháin sin bunaithe ar an toimhde nach dtiocfaidh aon mhéadú an athuair ar phraghsanna fuinnimh. Na bearta tacaíochta fuinnimh atá beartaithe faoi láthair le fanacht i bhfeidhm in 2024, ní cosúil go bhfuil siad dírithe ar theaghlaigh nó ar ghnólachtaí leochaileacha. Ní chaomhnaíonn formhór acu go hiomlán an comhartha praghais chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

16 Ní áirítear i sainmhíniú an Choimisiúin ar bhearta fuinnimh ach bearta beartais fhioscaigh a dhéanann difear díreach do phraghsanna fuinnimh nó a thugann tacaíocht shealadach ioncaim don tomhaltas fuinnimh. Ní aicmítear bearta tacaíochta ginearálta boilscithe mar bhearta fuinnimh, rud a mhíníonn difríocht idir Clár Cobhsaíochta 2023 agus réamhaisnéis earraigh 2023 ón gCoimisiún sa chostas buiséadach measta a bhaineann le bearta tacaíochta fuinnimh.

(24) Éilítear le Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle go ndéanfaí feabhas bliantúil ar chomhardú struchtúrach an bhuiséid i dtreo an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh agus 0,5 % de OTI mar thagarmharc[17]. Agus breithnithe inbhuanaitheachta fioscaí á gcur san áireamh, bheadh sé iomchuí feabhas a chur ar chomhardú struchtúrach 0,3 % ar a laghad de OTI do 2024, de réir an Choimisiúin. Chun an feabhas sin a áirithiú, agus i gcomhréir le modheolaíocht an Choimisiúin, níor cheart go rachadh an fás ar ghlanchaiteachas príomhúil[18] arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024 thar 4,8 %, mar a léirítear sa mholadh seo. Ag an am céanna, ba cheart deireadh a chur de réir a chéile in 2023 leis na bearta tacaíochta fuinnimh atá fágtha (a mheasann an Coimisiún faoi láthair ag 1,1 % de OTI in 2023), má cheadaítear sin le forbairtí sa mhargadh fuinnimh agus ag tosú leis na bearta is lú spriocdhíriú, agus ba cheart na coigiltis ghaolmhara a úsáid chun an t-easnamh rialtais a laghdú. De réir mheastacháin an Choimisiúin, is an toradh a bheadh air sin gur lú ná an t-uasráta fáis atá molta do 2024 an fás a thiocfadh ar an nglanchaiteachas príomhúil. Mar sin féin, de réir réamhaisnéis earraigh 2023 ón gCoimisiún, níl an fás ar ghlanchaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir le moladh an 12 Iúil 2022 ón gComhairle. Dá ndearbhófaí sin, bheadh fás níos ísle i nglanchaiteachas príomhúil in 2024 iomchuí.

(25) Ag glacadh leis nach bhfuil aon athrú ar bheartais, tá sé beartaithe ag réamhaisnéis earraigh 2023 ón gCoimisiún glanchaiteachas príomhúil a mhaoiniú go náisiúnta chun go bhfásfaidh sé ag 2,9 % in 2024, fás atá faoi bhun an ráta fáis atá molta.

---

17 Ceanglaítear le hAirteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 coigeartú is mó ná 0,5 % de OTI a dhéanamh i gcás Ballstát a bhfuil fiachas rialtais acu ar mó é ná 60 % de OTI, nó a bhfuil rioscaí níos suntasaí acu maidir le hinbhuanaitheacht fiachais.

18 Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta glan ó bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan caiteachas úis agus caiteachas dífhostaíochta timthriallaí san áireamh.

(26) De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go mbeidh infheistíocht an rialtais cobhsaí i gcónaí ag 4,5 % de OTI in 2023 agus in 2024. Tagraíonn Clár Cobhsaíochta 2023 d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a mheastar a rannchuideoidh le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach. Áirítear ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí sin infheistíochtaí chun an t-aistriú fuinnimh agus an t-aistriú digiteach a chothú, atá mar chuid den Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta freisin.

(27) Leagtar amach i gClár Cobhsaíochta 2023 conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2027. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go laghdóidh easnamh ginearálta an rialtais de réir a chéile go 1,0 % de OTI in 2025, agus go 0,8 % faoi 2026, sula dtiocfaidh méadú beagán air go 0,9 % in 2027. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go bhfanfaidh an t-easnamh ginearálta rialtais faoi bhun 3 % de OTI thar thréimhse an chláir. De réir Chlár Cobhsaíochta 2023, meastar go dtiocfaidh méadú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 27,5 % ag deireadh 2024 go 29,0 % faoi dheireadh 2027.

(28) Beidh tionchar níos géire ag treochtaí déimeagrafacha ar chaiteachas rialtais sna deacáidí amach romhainn, toisc go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú leanúnach ar líon na bpinsinéirí in aghaidh an oibrí mar gheall ar an daonra atá ag dul in aois agus an moilliú ar ghlanshreabha imirce. I gcás nach mbeidh aon athrú ar an mbeartas, beidh ar Lucsamburg aghaidh a thabhairt ar cheann de na méaduithe is géire san Aontas ar chaiteachas pinsin mar sciar de OTI, sciar a mheastar a dhúbailt go dtí thart ar 18 % de OTI faoi 2070, an méadú is airde san Aontas. Dá thoradh sin, beidh méadú suntasach ar fhiachas an rialtais, rud a chuirfidh inbhuanaitheacht airgeadas an rialtais i mbaol. Ní thugann an plean téarnaimh agus athléimneachta aghaidh ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean. Go sonrach, ní thugtar aghaidh sa phlean sin ar éifeachtaí diúltacha scéimeanna luathscoir ná dreasachtaí airgeadais chun margadh an tsaothair a fhágáil go luath, rud a chuireann leis an ráta íseal fostaíochta i measc oibrithe scothaosta. Dá n-ardófaí an aois scoir iarbhír, bheadh tionchar maicreacnamaíoch tairbhiúil aige sin agus d’fhéadfaí an caiteachas ar phinsin a laghdú, ós rud é go dtacódh ráta níos airde oibrithe scothaosta i bhfostaíocht le fás eacnamaíoch. Tá an comhrac i gcoinne na pleanála ionsaithí cánach san Aontas bunriachtanach chun an méid seo a leanas a dhéanamh: i) saobhadh iomaíochta idir gnólachtaí a chosc; ii) a chinntiú go gcaithfear go cothrom le cáiníocóirí; agus iii) airgeadas rialtais a chosaint. Is geilleagar beag, oscailte é Lucsamburg, le hearnáil airgeadais mhór idirnáisiúnta, rud a mhíníonn sreafaí móra airgeadais ar bhealach suntasach. Léiríonn na sreafaí sin, áfach, go bhfuil go leor cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach sa tír, a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí státchiste inghrúpa. Ábhar imní ar leith is ea nach bhfuil cánacha siarchoinneálach ann, nó nach bhfuil bearta coibhéiseacha ann maidir le hús agus íocaíochtaí ríchíosa a íoctar le dlínsí ísealchánach nó cánacha nialasacha lasmuigh de na tíortha sin a áirítear i liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha[19]. D'fhéadfadh íocaíochtaí amach úis agus ríchíosanna ó chuideachtaí atá lonnaithe i Lucsamburg chuig dlínsí tríú tíortha a bheith faoi réir beagán cánach nó gan aon chánachas a ghearradh orthu mura ngearrtar cáin ar na híocaíochtaí sin nó mura ngearrtar cáin orthu ar leibhéal íseal sa dlínse faighteora. Tá roinnt céimeanna glactha ag Lucsamburg chun an phleanáil ionsaitheach chánach a chomhrac. Go dtí seo, áfach, níor leor na bearta sin chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin den chóras cánach, ar féidir le cuideachtaí ilnáisiúnta iad a úsáid chun dul i mbun pleanála ionsaithí cánach.

[19] Conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach, (IO C 64, 21.2.2023, lch. 17).

(29) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta Lucsamburg faoi lán seoil. Thíolaic Lucsamburg a céad iarraidh ar íocaíocht an 28 Nollaig 2022 a chomhfhreagraíonn do 26 cinn de gharspriocanna agus spriocanna sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle le haghaidh EUR 20 milliún a eisíoc faoin tsaoráid. D’fhoilsigh an Coimisiún a réamh-mheasúnú dearfach an 28 Aibreán 2023. Tá an t-iarratas ar íocaíocht á phlé ag an gComhairle. Áirítear ar na garspriocanna agus ar na spriocanna lena mbaineann teacht i bhfeidhm an athchóirithe *Housing Pact 2.0*[Comhaontú Tithíochta 2.0], arb é is aidhm dó soláthar tithíochta cíosa inacmhainne a chuireann bardais ar fáil a mhéadú, infheistíochtaí chun an earnáil phoiblí a dhigitiú agus chun cumarsáid sárshláine a fhorbairt, uas-sciliú an lucht saothair le seoladh an chláir *FutureSkills* [Scileanna don Todhchaí], chomh maith le hathchóiriú ar sholáthar feithiclí glana. Thíolaic Lucsamburg leasú ar a plean téarnaimh agus athléimneachta an 11 Samhain 2022, leasú a d’fhormheas an Chomhairle an 17 Eanáir 2023. Táthar ag súil go gcuirfidh Lucsamburg caibidil REPowerEU isteach agus tá cinneadh déanta aige cheana EUR 128,5 milliún a aistriú ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid chun a chur chun feidhme a mhaoiniú. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach go tapa sa phlean athléimneachta agus téarnaimh, féadfar athchóirithe agus infheistíochtaí breise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha Lucsamburg i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean sin, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach agus éifeachtach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.

(30) D'fhormheas an Coimisiún doiciméid chlársceidealaithe uile Lucsamburg maidir le beartas comhtháthaithe in 2022. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais chomhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur i gcrích, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin in Lucsamburg.

(31) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus na cláir beartais comhtháthaithe, tá roinnt dúshlán breise roimh Lucsamburg, go háirithe inbhuanaitheacht fhadtéarmach an airgeadais phoiblí a eascraíonn go príomha as córas na bpinsean, bealaí éalaithe dlíthiúla a d'fhéadfadh cuideachtaí ilnáisiúnta atá i mbun pleanáil ionsaitheach cánach a úsáid, leochaileachtaí a bhaineann le praghsanna arda tithe agus fiachas teaghlaigh, laigí sa chóras oideachais a chuireann leis an neamhionannas agus le saincheisteanna a bhaineann leis an mbeartas fuinnimh agus leis an aistriú glas, lena n-áirítear bacainní féideartha ar an aistriú ó bhreoslaí iontaise agus saincheisteanna leis an líonra iompair.

(32) Braitheann bunscileanna agus feidhmíocht fhoriomlán na ndaltaí go mór ar a gcúlra socheacnamaíoch agus teanga. Tá na meánleibhéil eolais agus scileanna lárnacha ag 15 bliana d'aois, mar a thomhaistear le Clár ECFE um Measúnú Idirnáisiúnta ar Mhic Léinn (PISA), i bhfad níos ísle i Lucsamburg ná meán an Aontais. Tá an bhearna idir mic léinn a bhfuil buntáiste acu agus a bpiaraí faoi mhíbhuntáiste níos mó i Lucsamburg ná in aon tír eile san Aontas. Leis an gcóras oideachais, ní thugtar na bunscileanna is gá do gach dalta chun riachtanais mhargadh saothair na tíre a shásamh. Is í Lucsambuirgis an teanga a labhraítear sa chóras náisiúnta scoile ag an mbunleibhéal, agus foghlaimíonn na daltaí conas léamh agus scríobh i nGearmáinis. Múintear gach ábhar (seachas Fraincis) i nGearmáinis. Is ionann sin agus éileamh an-ard ar scileanna teanga i dtír nach labhraíonn ach dalta amháin as gach triúr dalta Lucsambuirgis mar chéad teanga. Tháinig méadú ó 6,3 % in 2018 go 8,2 % in 2022 ar sciar na ndaoine óga idir 18-24 a d'fhág an t-oideachas agus an oiliúint gan oideachas meánscoile uachtaraí a chríochnú. I mí Mheán Fómhair 2022, sheol Lucsamburg tionscadal píolótach i gceithre bhunscoil, áit a dtosaíonn daltaí ag foghlaim ar dtús i bhFraincis agus ansin i nGearmáinis. Dá leathnófaí é chuig níos mó scoileanna, d'fhéadfadh an cur chuige sin cabhrú le feabhas a chur ar fheidhmíocht daltaí nach í an Fhraincis a gcéad teanga. Chuir Lucsamburg le líon na scoileanna idirnáisiúnta poiblí chomh maith: ó 2022/2023, tá 4 % de na daltaí ag an leibhéal réamh-bhunscoile agus bunscoile cláraithe i scoileanna den sórt sin, áit ar féidir leo rogha a dhéanamh idir an Béarla, an Fhraincis nó an Ghearmáinis mar theanga teagaisc. Dá leathnófaí an rogha teagaisc seo trí phríomhtheanga amháin chun cuid mhór de dhaonra na scoile a chlúdach, d'fhéadfadh sé cur go mór leis an seans atá ag daltaí torthaí foghlama níos fearr a bhaint amach.

(33) Tá córas fuinnimh Lucsamburg ag brath go mór ar allmhairí agus ag brath ar bhreoslaí iontaise. Is glan-allmhaireoir mór fuinnimh í an tír. Tá sé ag brath go hiomlán, nach mór, ar allmhairí fuinnimh phríomhúla, le ráta spleáchais 92 % in 2021. Sholáthair ola 69 % de mheascán fuinnimh Lucsamburg, agus 18 % de ghás nádúrtha, agus tháinig 12 % ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, agus bhain sí acmhainneacht 572 MW amach in 2022. Ní allmhairíonn Lucsamburg aon ola ón Rúis. Maidir le gás, tá teorainn leis an spleáchas ar an Rúis, ós rud é gur ó phíblínte ón mBeilg agus ón nGearmáin, a thagann ón Iorua agus ón Ísiltír, a allmhairíodh beagnach 100 % den ghás a ídítear i Lucsamburg. Tháinig laghdú 26 % ar thomhaltas gáis nádúrtha in Lucsamburg sa tréimhse idir mí Lúnasa 2022 agus mí an Mhárta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin, rud atá faoi bhun an sprioclaghdaithe 15 % a leagtar síos i Rialachán (AE) 1369/2022 ón gComhairle[20]. D'fhéadfadh Lucsamburg leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh an t-éileamh ar ghás a laghdú go sealadach go dtí an 31 Márta 2024 de bhun Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle[21].

---

20 Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

21 Rialachán (AE) 2023/706 ón gComhairle an 30 Márta 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/1369 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse laghdaithe éilimh i gcás bearta laghdaithe éilimh le haghaidh gáis agus cur chun feidhme an tuairiscithe agus an fhaireacháin ar na bearta sin a threisiú (IO L 93, 31.3.2023, lch. 1).

(34) Cé go bhfuil Lucsamburg thar a bheith idirnasctha ó thaobh cumhachta agus gáis de, beidh gá le tuilleadh infheistíochta in oirchill an mhéadaithe ar ghiniúint in-athnuaite agus ar éileamh cumhachta. Ní mór do Lucsamburg aghaidh a thabhairt ar an dúshlán a bhaineann le soláthar tithíochta neamhleor agus a spriocanna fuinnimh agus aeráide a bhaint amach ag an am céanna. Is gá freisin an stoc foirgneamh atá ann cheana a athchóiriú. Le 20,8 % den acmhainneacht iomlán coigilte fuinnimh (i dtéarmaí GWh), is í an earnáil chónaithe agus athchóirithe an dara foinse is mó chun fuinneamh a spáráil faoi 2030. Úsáideann thart ar 89 % de na foirgnimh chónaithe córais téimh atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise (ola téimh agus gás nádúrtha). Beidh ról lárnach ag bardais ina leith sin. Is ualach é an plódú tráchta bóithre ar an ngeilleagar agus ar inbhuanaitheacht an chomhshaoil. Baineann sciar suntasach d’ídiú ola le hiompar agus 59 % d’iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa, a chuirtear i gcomparáid le meán an Aontais de 24 % in 2019. Cé gur ghlac Lucsamburg roinnt beart ábhartha chun feabhas a chur ar iompar inbhuanaithe, chuideodh idirghabhálacha breise níos spriocdhírithe chun spleáchas ar ola agus astaíochtaí ceaptha teasa a laghdú go mór. Léirítear sin i bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide Lucsamburg, ina leagtar síos sprioc 40 % de fhlít feithiclí leictreacha agus inluchtaithe dá fhlít feithiclí faoi 2030. Tá sprioc leagtha síos ag Lucsamburg dó féin go mbeidh sé neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Tá dul chun cinn suntasach déanta aige le blianta beaga anuas maidir le fuinnimh in-athnuaite ach tá sé fós ar cheann de na Ballstáit a bhfuil an sciar is ísle acu de na fuinnimh sin. I gcás Lucsamburg, beidh gá le tuilleadh méadaithe ar an uaillmhian chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chun a spriocanna fuinnimh do 2030 a bhaint amach – 25 % den fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a bhaint amach agus tomhaltas deiridh fuinnimh a laghdú 40 % go 44 % i gcomparáid le 2007.

(35) Mar gheall ar ghanntanais oibrithe agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú, a chur in úsáid agus a chothabháil, tá scrogaill á gcruthú san aistriú chuig geilleagar glan-nialasachta. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d'athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Chun leas a bhaint as soláthar lucht saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe i gcás daoine aonair agus i gcás na n-earnálacha is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. Cé gur mhéadaigh Lucsamburg a iarrachtaí oibrithe a uas-sciliú agus a athsciliú chun earnálacha atá ag dul i léig agus atá ag athrú ó bhonn, tá ganntanas lucht saothair fós i roinnt gairmeacha, lena n-áirítear bainisteoirí beartais agus pleanála. D'fhéadfadh sé go n-eascródh as na ganntanais sin scrogall san aistriú glas agus i gcur chun feidhme REPowerEU.

(36) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, rinne an Chomhairle scrúdú ar Chlár Cobhsaíochta 2023 agus léirítear a tuairim[22] i moladh (1).

[22] Faoi Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

(37) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun (i) inbhuanaitheacht fiachais a chaomhnú agus staonadh ó thacaíocht leathan a thabhairt don éileamh comhiomlán in 2023, spriocdhíriú níos fearr a dhéanamh maidir leis na bearta fioscacha arna nglacadh chun tionchar na bpraghsanna arda fuinnimh a mhaolú, agus machnamh a dhéanamh ar bhealaí iomchuí chun an tacaíocht a laghdú de réir mar a laghdaíonn an brú ó thaobh praghsanna fuinnimh de; (ii) leibhéal ard infheistíochta poiblí a choinneáil ar bun agus infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach; (iii) tacú le forbairtí pá a mhaolaíonn an caillteanas ó thaobh cumhacht ceannaigh de agus srian a chur ag an am céanna ar éifeachtaí indíreacha ar an mboilsciú, sin agus tuilleadh feabhais a chur ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair mar aon le dul i ngleic le ganntanais scileanna; (iv) feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus a áirithiú go bhfuil an tacaíocht fuinnimh a thugtar do chuideachtaí costéifeachtúil, sealadach, agus spriocdhírithe ar ghnólachtaí inmharthana, agus go bhfuil dreasachtaí le haghaidh an aistrithe ghlais ag baint léi i gcónaí; agus (v) cobhsaíocht mhacrairgeadais a chaomhnú agus faireachán a dhéanamh ar rioscaí, agus leanúint ag an am céanna den obair chun an tAontas Baincéireachta a chur i gcrích. I gcás Lucsamburg, rannchuidíonn moltaí (1), (2) agus (4) le cur chun feidhme an chéad, an dara, an tríú, an ceathrú agus an cúigiú moladh a leagtar amach i Moladh 2023 maidir leis an limistéar euro,

Ag MOLADH LEIS SEO go nglacfaidh Lucsamburg gníomhaíocht in 2023 agus in 2024 chun:

1. Deireadh a chur leis an bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm, agus úsáid a bhaint as na coigiltis ghaolmhara chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, a áirithiú go ndírítear bearta tacaíochta den sórt sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh.

   Beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 4,8 %[23] a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024.

   Infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus faoi chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú.

   Don tréimhse tar éis 2024, leanúint de straitéis fhioscach mheántéarmach a shaothrú maidir le comhdhlúthú de réir a chéile agus inbhuanaithe, mar aon le hinfheistíochtaí agus athchóirithe atá fabhrach d'fhás inbhuanaithe níos airde, chun staid fhioscach mheántéarmach stuama a bhaint amach.

   Rioscaí a bhaineann leis an margadh tithíochta a laghdú, go háirithe trí in-asbhainteacht úis morgáiste a laghdú, agus trí bhearta a dhéanamh chun an soláthar talún a bheadh oiriúnach chun tógála a mhéadú. Aghaidh a thabhairt ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean, go háirithe trí dheireadh a chur le roghanna luathscoir agus trí ráta fostaíochta na n-oibrithe scothaosta a mhéadú. Gníomhaíocht a mhéadú chun dul i ngleic go héifeachtach le pleanáil ionsaitheach chánach, go háirithe trí chánachas leordhóthanach a áirithiú ar íocaíochtaí úis amach agus ar ríchíosanna go dlínsí cánach nialasacha/ísle.

[23] A mheastar a chomhfhreagraíonn d'fheabhas bliantúil de 0,3 % de OTI ar a laghad ar chomhardú an bhuiséid struchtúraigh do 2024, mar a thuairiscítear in aithris 24.

2. Leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme leanúnach a phlean athbhreithnithe téarnaimh agus athléimneachta agus bailchríoch a chur go pras ar chaibidil REPowerEU d'fhonn tús a chur le cur chun feidhme an tionscnaimh sin. Leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme pras clár beartais comhtháthaithe, i ndlúth-chomhlántacht agus i sineirgíocht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta.

3. Feidhmíocht an chórais oideachais scoile a fheabhsú agus comhdheiseanna a chur chun cinn do gach dalta, go háirithe tríd an teagasc a chur in oiriúint do riachtanais na ndaltaí atá faoi mhíbhuntáiste agus dóibh siúd ó chúlraí éagsúla teanga.

4. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le himscaradh fuinnimh in-athnuaite, cur le hacmhainneacht tarchurtha leictreachais, nósanna imeachta ceadaithe a éascú agus infheistíocht a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil chónaithe agus san earnáil neamhchónaithe araon. Tacú le bardais chun pleananna áitiúla mionsonraithe a fhorbairt chun fuinneamh in-athnuaite a imscaradh, lena n-áirítear cumhacht na gaoithe agus fótavoltach, agus le haghaidh córais téimh agus fuaraithe ceantair. Leictriú an iompair a chur chun cinn a thuilleadh agus infheistíocht a dhéanamh i ngréasáin agus i mbonneagar iompair phoiblí. Cur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus na n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*